# C





6 - Leabhra a roinnt

7 - Tá cló chuile áit thart orainn

# Clár


| | |
|---|---|
| Focla a bhaineann leis an léitheoireacht | 2 |
| Ag caint faoi leabhra | 3 |
| Leabhra a léamh in éindí | 4 |
| An bealach is fearr le do leabhar pictiúr a úsáid | 5 |
| Béim ar an léitheoireacht | 6 |
| Ag léamh leabhra in éindí sa mbaile | 7 |
| Focla i gcló atá thart orainn | 8 |
| Ag breathnú ar chló chuile lá | 9-10 |
| Ag foghlaim faoi litreacha | 11 |
| Biongó cistine | 12 |
| Cluiche na n-ainmneacha | 13 |
| Cluichí cló a imirt | 14 |

# Focla a bhaineann leis an léitheoireacht

An mbeadh a fhios ag do ghasúr faoi na focla seo a bhaineann le leabhra?

teideal





údar

bileog

cló

tús

críoch




línte

uimhir na mbileog

barr

bun

maisitheoir




pictiúr

clé

deas

caibidil

# Ag caint faoi leabhra

Nuair a bhíonn do ghasúr ar an scoil tá sé ceaptha dó, chomh maith le bheith ag léitheoireacht, a bheith in ann na rudaí seo a leanas a dhéanamh:

Réamhinseacht a thabhairt ar an scéal ó phictiúr nó ó abairt.

Sraith a dhéanamh as rudaí nó iad a chur in ord - céard a tharla ar dtús, ansin céard a tharla agus céard a tharla ar deireadh, agus araile.

Cuntas a thabhairt ar an scéal - leagan níos giorra a thabhairt ar an scéal iomlán.

Measúnú a thabhairt ar an scéal agus tuairim a thabhairt faoin scéal.

Sonraí faoin scéal a athinseacht ag tráth níos deireanaí.

An fáth ar tharla na heachtraí agus an éifeacht a bhí leo sa scéal a mhíniú.

Smaointe nó eachtraí a tharla sa scéal a cheangal le heachtraí a tharlaíonn sa saol.



# Leabhra a léamh in éindí

Bíonn go leor ar eolas ag gasúir faoi bheith ag léitheoireacht agus faoi chiall a bhaint as leabhra sula dtosaíonn siad ar scoil. Tugann na rudaí a fhoghlaimíonn siad faoi leabhra chuile lá cúnamh dóibh tuiscint a fháil ar céard go díreach atá i gceist le bheith ag léitheoireacht nuair a thosaíonn siad féin ag léitheoireacht níos deireanaí.

Cén chaoi a bhféadfá cúnamh a thabhairt dóibh?

- Déan cinnte go bhfeiceann do ghasúr tusa ag léamh.
- Bíodh leabhra agus irisí caite timpeall an tí le léamh.
- Cuir am i leataobh le leabhra a roinnt in éindí.
- Lig do do ghasúr a rogha leabhar a phiocadh amach agus lig dó a bheith i ngreim sa leabhar.
- Labhair faoi na pictiúir.
- Cuir béim ar litreacha nó focla a dtagann sibh trasna orthu go minic.
- Lig dó na bileoga a iompú.
- Léigh an leabhar de chuid de na fístéipeanna cosúil le **Muzzy, Tomás an Traein, Cailín na Luatha**..
- Téigí ag an leabharlann in éindí.
- Ceannaigh leabhra mar bhronntanaisí.
- Bí ag malartú leabhra le cairde.

# An bealach is fearr le do leabhar pictiúr a úsáid.

Úsáid do leabhar pictiúr le samhlaíocht agus scileanna teanga do ghasúir a fhorbairt.

Iarr ar do ghasúr scéal an phictiúir a inseacht:

Cén chaoi a dtosaíonn an scéal?

Cé atá sa bpictiúr?

Céard atá ag tarlú?

Céard a tharlóidh ansin?

Cén fáth a dtarlóidh sé seo?

Cén chaoi a gcríochnaíonn an scéal?

Iarr ar do ghasúr rudaí sa bpictiúr a ainmniú agus cur síos a dhéanamh orthu:

Céard a fheiceann tú sa bpictiúr?

Cá bhfuil an ____________________ ?

Cé mhéid ______________________ a fheiceann tú?

Céard a ghlaofas muid ar an bpictiúr seo?

Iarr ar do ghasúr scéal an phictiúir a athinseacht:


Abair le Mamó faoin leabhar pictiúr?

Ceangal an pictiúr lena thaithí féin sa saol:

Cén áit eile a bhfeicfeá ______________________ ?

Céard eile a chuirfidh muid sa bpictiúr?

# Béim ar an léitheoireacht




Ainm

Aois

Déan cóip do chuile ghasúr de réir mar is gá

# Ag léamh leabhra in éindí sa mbaile

**Leag am i leataobh an tseachtain seo, le leabhar a léamh in éineacht le do ghasúr, ceann sa ló más féidir.**

Céard iad na leabhra a léigh tú féin agus do ghasúr an tseachtain seo?

Céard a thaithníonn le do ghasúr faoi na leabhra seo?

Ar úsáid tú an leabhar pictiúr? Céard a rinne tú?

Cuimhnigh roinnt ama a chaitheamh ag breathnú ar scileanna léitheoireachta do ghasúir agus bain úsáid as **'Béim ar an léitheoireacht'**.

# Focla i gcló atá thart orainn

comhartha

páipéar nuachta

biachlár

póstaer

lipéad

féilire

liobar éadaigh

leabhrán

treoir

bileog

lógó

litir

nuachtlitir

fógraíocht

ráiteas

pacáiste

catalóg

cárta

iris

ceannlínte

siombal

ábhar cócaireachta

dialann

eolaire

síniúchán

# Ag breathnú ar chló chuile lá

Céard a fhoghlaimíonn gasúir ón gcló atá thart orthu?

Foghlaimíonn siad:

- go mbíonn teachtaireacht le fáil ón gcló;
- go bhfuil go leor úsáidí éagsúla ag cló;
- gur féidir cló a chur i láthair i mbealaí difriúla;
- go bhfuil cló tábhachtach do go leor cineálacha daoine;
- go nglacann cló páirt i ngníomhaíochtaí laethúla agus in eachtraí speisialta;

Is é an cló a fheiceann na gasúir thart orthu a spreagann suim an ghasúir i dtús báire sa léitheoireacht.

D'fhéadfá do ghasúr a spreagadh le níos mó den chló atá thart uirthi a thabhairt faoi deara. Seo roinnt samplaí:

**Pointeáil i dtreo comharthaí, póstaeirí, ainmneacha siopaí.**

Céard a deireann an comhartha sin?

Faigh ainm an tsiopa.

**Labhair faoin eolas a bhíonn ar lipéid.**

B'fhearr dúinn an dáta a sheiceáil le déanamh cinnte go bhfuil sé úr.

Gheobhaidh muid amach ó na lipéid an bhfuil ceann ann a d'fheilfeadh duitse.

**Labhair faoi na treoracha ar na pacáistí.**

Cé mhéid nóiméad a thógfaidh an pizza seo?

Breathnóidh muid ar threoracha an chluiche seo.

# Ag breathnú ar chló chuile lá

**Déan cinnte go mbeidh do ghasúr páirteach i ngníomhaíochtaí a tharlaíonn chuile lá.**

Cén ceann de na fístéipeanna seo a thaithneodh leat?

Breathnaigh sa gcófra agus breathnaigh an bhfuil mála siúcra ann.

**Mínigh céard a bhíonn tú ag déanamh nuair a bhaineann tú úsáid as an gcló atá thart ort.**

Tá mé ag breathnú sna *Yellow Pages* le huimhir an ospidéil a fháil.

Breathnóidh mé ar an bhféilire sa gcaoi go mbeidh a fhios agam cén lá a dtitfidh an darna lá déag air.

**Spreag do ghasúr le rudaí a aithníonn sé a phointeáil amach.**

An bhfuil tú in ann na milseáin sin a thaithníonn leat a phiocadh amach?

An bhfuil tú in ann an cnaipe leis an mbanana a mheá, a fheiceáil?

**Mol do ghasúr nuair a thaispeánann sé go n-aithníonn sé aon rud atá i gcló.**

Sea, sin é an nuachtán Foinse. Maith tú. Anois, an bhfuil tú in ann inseacht dom cén uair a thosaíonn an clár sin.

Sin iad na milseáin a thaithníonn le do dheartháir. Go raibh maith agat as iad a phiocadh amach dom.

**Bain úsáid as cluichí samhlaíochta (siopa, oifig an phosta, bialann) nó imir cluichí cló agus bain úsáid as ainmneacha bia, bréagán, teilifíse, cláracha, agus araile a aithníonn do ghasúr.**

**Déan leabhar gearrthóg agus greamaigh pictiúir de chomharthaí, ainmneacha agus lipéid a aithníonn do ghasúr isteach ann.**

Do Smaointe féin:

# Ag Foghlaim faoi Litreacha

Bíonn a fhios ag do ghasúr go leor faoi bheith ag léamh nó faoi chiall a bhaint as rudaí atá i gcló, i bhfad sula dtosaíonn sé ar an scoil. Cabhraíonn na rudaí a fhoghlaimíonn siad faoin gcló chuile lá leo tuiscint a fháil ar céard go díreach a bhíonn i gceist le léitheoireacht. Is scil thábhachtach léitheoireachta don ghasúr a bheith in ann na litreacha a aithint.

Seo cúpla bealach le cúnamh a thabhairt do do ghasúr na litreacha a fhoghlaim:

- Tosaigh le hainm do ghasúir.
- Déan leabhar ainmneacha agus pictiúr.
- Tabhair an deis do do ghasúr na litreacha atá ina hainm féin a rianú nó a chóipeáil.
- Pointeáil amach i gcomharthaí, i bpóstaeirí, in irisí agus araile, litreacha atá ina hainm féin.
- Taispeáin ainm do bhóthair agus do bhaile do do ghasúr ar na comharthaí bóthair.
- Labhair faoin gcuma a bhíonn ar na litreacha, mar shampla breathnaíonn 'S' cosúil le hathair nimhe.
- Nuair a bhíonn sibh ar shiúlóid nó ag tiomáint iarr ar do ghasúr roinnt de litreacha na haibítre a fháil ar na comharthaí bóthair agus ar chlóanna eile atá thart uirthi.
- Déan leabhar pictiúr ón aibítir.
- Déan puzail mhíreanna mearaí ón aibítir.
- Spreag do ghasúr le cluichí a imirt ina gcaithfeadh sí litreacha agus uimhreacha a aithint.

Do Smaointe Féin:

# Biongó Cistine

**Beidh siad seo a leanas ag teastáil uait:**

- boscaí gráin bhricfeasta, boscaí/páipéir bhrioscaí, páipéir ó channaí, páipéir mhilseáin, boscaí pizza, málaí brioscán fataí, páipéir bhuilín, boscaí púdair níocháin - bíodh péire ar a laghad do chaon cheann agat
- cairtchlár (boscaí gráin bhricfeasta) nó cláranna biongó agus 'paca cártaí'
- gliú
- siosúr

**Ag déanamh an chluiche:**

1 Gearr amach péirí focla/lógónna ó na boscaí gráin bhricfeasta, na páipéir, agus araile.

2 Gliúáil péire amháin de na focla/lógónna ar phíosa cairtchláir le bord biongó a dhéanamh.

3 Cuir an péire focla/lógóanna eile i leataobh le hiad a úsáid sa 'bpaca cártaí'.

4 Tarraing línte ar an gcairtchlár agus gearr cártaí den mhéid céanna amach as.

5 Gliúail na focla/lógónna ar na cártaí le paca cártaí a dhéanamh.

**Cén chaoi le himirt:**

Seo cluiche meaitseála.

- Gheobhann chuile imreoir bord biongó.
- Bíonn seans ag chuile dhuine cárta amháin a chasadh ón bpaca agus iarracht a dhéanamh an cárta a mheaitseáil. Má mheaitseálann an cárta leagann an t-imreoir an cárta ar bharr an fhocail a mheaitseálann an cárta ar an mbord biongó.
- Is é an buaiteoir an duine a chludaíonn chuile fhocal ar an mbord le cárta.

**Tuilleadh smaointe le biongó cistine a imirt:**

- D'fhéadfeadh duine amháin a bheith ina 'fhógarthóir biongó'.
- Chaithfeadh na himreoirí an focal a rá le meaits a fháil.
- D'fhéadfadh gasúr an-óg na cártaí a leagan amach os a comhair agus triáil na meaitseanna a fháil.

Do smaointe féin:

# Cluiche na n-ainmneacha

Míle buíochas do thuismitheoirí an chláir *'Learning Together'* as Norfolk le haghaidh an smaoinimh seo.

Teastóidh siad seo a leanas uait:

- cúpla píosa cairtchláir le mataí agus cártaí a dhéanamh
- siosúr, rialóir agus marcóirí

**Ag déanamh an chluiche:**

1. Déan bord imeartha do chuile dhuine. Níl anseo ach píosa cairtchláir le hainm an imreora scríofa air.
2. Tarraing dronuilleogaí atá díreach mar a chéile ar an gcairtchlár le paca cártaí a dhéanamh, beidh litreacha ar an bpaca cártaí seo. Beidh ar an imreoir na litreacha a mheaitseáil leis na litreacha atá in ainm an imreora.
3. Gearr amach na cártaí agus scríobh na litreacha ar chuile chárta le paca cártaí a dhéanamh.

**Ag imirt an chluiche:**

Cabhraíonn an cluiche seo leis na gasúir na litreacha a aithint mar go mbíonn orthu na litreacha a mheaitseáil leis na litreacha ina n-ainmneacha féin.

- Bíonn na himreoirí ina suí agus bíonn an bord cluiche os a gcomhair.
- Cuir an paca cártaí i lár an bhoird.
- Cuireann na himreoirí tús leis an gcluiche trí chártaí a tharraingt ón bpaca. Beidh an méid cártaí a tharraingeoidh siad cothrom leis an méid litreacha atá ina n-ainmneacha. Dá mbeadh 'Máire' ag imirt thógfadh sí cúig chárta.
- Leagann imreoirí cártaí ar an mbord imeartha agus bíonn na cártaí ag meaitseáil na litreacha ina n-ainmneacha féin. Gheobhann siad réidh leis na cártaí nach meaitseálann agus piocann siad an méid céanna cártaí agus a chaith siad uathu ón bpaca.
- Is é an buaiteoir an chéad duine a mheaitseálann na litreacha uilig atá ina hainm féin.



# Cluichí cló a imirt

Cuir am i leataobh le **Biongó Cistine** nó **Cluiche na n-ainmneacha** a imirt le do ghasúr an tseachtain seo.

Cén cluiche a d'imir sibh?

Céard a thaithnigh le do ghasúr faoin gcluiche?

Ar ghlac aon duine eile as do chlann páirt sa gcluiche?

An bhfuil aon mholadh agat a chuirfeadh feabhas ar an gcluiche?

An mbeadh tú in ann deiseanna eile a lua, deiseanna ina mbíonn tú in ann labhairt le do ghasúr faoin gcló atá le feiceáil sa mbaile?



Tionscnamh Foghlama Teaghlaigh an Chláir,
Lárionad Oideachais Aosaigh agus Phobail,
Páirc Ghnó Clonroad, Inis, Co. an Chláir.
Teil. (065) 6824819

Breacadh

NDP

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta | Department of Education and Science